

FEAR AN SGÁLA HATA

Níl aithne ag aon duine ar mo dhuine, ach deirtear linn gur cóir dúinn gan droch-nídh a shamhlú le duine ar bith, nó gan sin a dhéanamh ar chuma ar bith, ní go mbeidh udar againn leis. In n-aineoin sin caithfidh mé iarraidh ort gan do muinghin a chur as an bhfear seo, beag ná mór. Is minic is fearr aon bhreathnú amháin romhat ná dhá bhreathnú indo dhiaidh. Daoine córa is eadh furmhór an chinidh daondha. Is fíor sin go deimhin faoin gcuid is mó aca. Ach níl ughdar agam a leithead a ceapadh do gach uile duine, cuirimís i gcás fear an Sgála Hata. Feicfear dúinn ar ball.

Bhí Herr Grundeis ina codladh, agus srannadh beag uaidh.

Lasg Emil leis ar a sheacht ndhícheall.